Bíodh do ghuth agat maidir le Plean Gníomhaíochta Úr do Dhún na nGall faoi Síocháin III

Chuir Comhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais BFC Dhún na nGall tús le comhairliúchán poiblí ar an chéad sciar eile de mhaoiniú ó Chlár Síochána III an AE don chontae.

Ghnóthaigh Plean Gníomhaíochta SÍOCHÁIN III Dhún na nGall 2008-2010 €4.7 mhilliún de mhaoiniú le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí ar aidhm leo dul i ngleic le dearcadh daoine maidir le seicteachas agus ciníochas agus chun tacú le réiteach coinbhleachta agus idirghabháil choinbhleachta ag leibhéal áitiúil. Tá na gníomhaíochtaí seo á seachadadh san am i láthair ag réimse leathan eagras ar fud an chontae.

Tiocfaidh deireadh le maoiniú SÍOCHÁIN III i ndiaidh an chéad sciar eile agus tá súil mhór ag Comhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais BFC Dhún na nGall go mbeidh tionchar forleathan agus fadtéarmach ag an sciar deireanach seo den mhaoiniú.

Tá fáilte roimh thuairimí ó choistí agus ó dhaoine aonair sa phróiseas comhairliúcháin, agus is féidir Doiciméad Comhairliúcháin a íoslódáil ón suíomh idirlín www.donegalcdb.ie agus é a sheoladh ar ais.

Lena chois sin, beidh dhá Chruinniú Comhairliúcháin ar siúl in

Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn Dé Máirt 20 Aibreán ó 2.00in – 4.30in,
agus
Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile Dhún na nGall Déardaoin 22 Aibreán ó 2.00in – 4.30in.

Druidfear an comhairliúchán poiblí ar an 7 Bealtaine 2010.

Seo a leans an méid a dúirt an Clr. Deasún Ó Lorcáin, Cathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais BFC Dhún na nGall:

'Is mian linn cluinstin ó gach duine atá tiomanta d'obair frith-sheicteachais agus frith-chiníochais a dhéanamh i measc an phobail agus ó na heagrais sin ar fad atá ag obair le caidrimh níos fearr a fhorbairt idir a gcomharsana anseo i nDún na nGall agus le pobail trasna na teorann.'

Chuir Anne Marie Conlon, Rúnaí na Comhpháirtíochta, leis an mhéid sin:

'Is é an láidreacht atá ag Plean Síochána Dhún na nGall ná gur ón phobal a tháinig sé, ón chosmhuintir, agus sin an rud atá uainn do sciar II. Tuigeann an gnáthphobal na ceisteanna a gcaithfidh siad dul i ngleic leo, agus is minic gur acusan atá an réiteach fosta, mar sin de, tá muid ag cur fáilte roimh gach

duine a bhfuil suim aige nó aici an tsíocháin a thógáil agus pobail a chomhtháthú a bheith páirteach sa phróiseas comhairliúcháin seo.'

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar na ceardlanna comhairliúcháin agus ar an doiciméad comhairliúcháin ag www.donegalcdb.ie.

Críoch.

Le tuilleadh eolais a fháil, téigh i dteagmháil le Fearghal O'Boyle, 074 91 72229